Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6057/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0258(NLE)**

**AVIATION 19**
**RELEX 145**
**USA 11**
**N 9**
**ISL 10**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 52 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 52 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 52 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2023
COM(2023) 52 final

2019/0258 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

An 14 Samhain 2019 chuir an Coimisiún togra i láthair le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 218(6)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 6(2), an dara mír, den Ionstraim Aontachais, lena bhformheastar tabhairt i gcrích prótacail lena leasaítear an comhaontú maidir le haeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh[1].

De bharr dheireadh na hidirthréimhse le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach an 31 Nollaig 2020 bhí gá le leasuithe ar an bprótacal chun tagairtí don Ríocht Aontaithe a bhaint de. Dá bhrí sin shocraigh an Coimisiún na leasuithe ba ghá chuige sin trí chaibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tháinig na toscairí a bhí ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar chomhaontú maidir leis na leasuithe.

Ina theannta sin, is gá Airteagal 2 den chinneadh ón gComhairle atá beartaithe a leasú chun a áirithiú go gcomhlíontar sannadh na gcumhachtaí idir na hinstitiúidí faoi na Conarthaí, agus go háirithe sainchumas an Choimisiúin faoi Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas go seachtrach.

Ar na cúiseanna sin tá an Coimisiún ag cur isteach an togra leasuithe seo le haghaidh an chinnidh ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt i gcrích an phrótacail.

[1] COM/2019/585-final.

2019/0258 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe d'Airteagal 6(2), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [ ] ón gComhairle, an [ ], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos faide anonn, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'). Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal').

*Airteagal 2*

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, le malartú na nótaí taidhleoireachta dá bhforáiltear le hAirteagal 3 den Phrótacal, chun toiliú an Aontais agus a Bhallstát a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*